

Dúshláin #GAAPrimary

Eagrán 6

25 Bealtaine, 2020

Naíonáin Shóisearacha go Rang 2 / P.1 go P.4

Pleananna Ceachta Curaclaim agus Gníomhaíochtaí Fisiciúla Seachtainiúla do Leanaí Bunscoile



@GAAlearning

gamesdevelopment@gaa.ie

Le tacaíocht ó



@gaelicplayers



@cnambnaisiuta



@LadiesFootball



@officialcamogie



Naíonáin
Shóisearacha
go Rang 2

P.1 go P.4

Comórtas na Seachtaine

Scríobh aiste dar teideal
'An Cluiche Mór'.
Ná gabh thar 100 focal!

Iarr ar do thuismitheoir/chaomhnóir
an aiste a chur le ríomhphost chuig
gamesdevelopment@gaa.ie roimh an
Aoine, 27 Bealtaine. Déan cinnte go
bhfuil na nithe seo a leanas luaite sa
ríomhphost:

- D'ainm;
- Ainm do scoile agus do chontae;
- Ainm do chlub áitiúil CLG, má tá club agat.

Tá Pasanna Teaghlaigh Dea-mhéine
chuig [Turas Spéirlíne Ericcson le
buachan](#)

Fógrófar na buaiteoirí an tseachtain
seo chugainn ar [@GAAlearning](#)

Tríd an ríomhphost seo a
sheoladh, tá cead á thabhairt
ag thuismitheoirí/caomhnóirí
na grianghraif agus na sonraí a
bhaineann leo a roinnt ar ardáin
oifigiúla ar líne CLG.





Gaeilge

NÓTAÍ DON MHÚINTEOIR

Snáithe: Labhairt

- Cluiche biongó: scríobh téarmaí a bhaineann leis na cluichí ar an gclár bán le cabhair ó na páistí.
 - Cluiche cuimhne- Tabhair abairt do na páistí agus iarr orthu leanúint ar aghaidh. M.sh. 1. Chuaigh mé go Páirc an Chrócaigh. 2 Chuaigh mé go Páirc an Chrócaigh agus chonaic mé cluiche.
 - Aimsigh na difríochtaí idir dhá phictiúr: **CÁRTA OIBRE 1A**.
Ceisteanna: An bhfuil _____ i do phictiúr?
Cá bhfuil _____?
Cé mhéad _____ atá i do phictiúr?
Níl aon _____ i mo phictiúr ach tá i do phictiúrsa
Ar an, ag an, idir, os cionn, taobh thiar, os comhair, in aice, i lár srl.
 - Cá bhfuil tú? Ligeann an múinteoir air/uirthi go bhfuil sé/sí imithe in áit éigin. Bíonn an rang ag tomhas cá bhfuil sé/sí imithe .
 - An Crochadóir: Scríobh focail ar an gclár bán a bhaineann le CLG.
 - Cluiche Kim: Cuirtear rudaí a bhaineann le CLG in áiteanna difriúla sa seomra ranga faoi shúile na bpáistí. Ansin dúnann na páistí a súile agus cuirtear in áiteanna difriúla iad. Deireann na páistí cad atá difriúil. M.sh. Bhí an camán ar an bhfuinneog ach anois tá sé faoin mbord.
 - Mím: Tugann an múinteoir leid don pháiste faoi mhím a dhéanfaidh sé/sí nó tugann an múinteoir cárta le pictiúr/focal de ghníomhaíocht do pháiste amháin. Bíonn na páistí eile ag tomhas cén ghníomhaíocht atá ar siúl ag an bpáiste mar shampla, tá tú ag ciceáil.
 - Cé mise? Léigh na téacsanna a thagann le cárta oibre 1B agus iarr ar na páistí eolas a chumadh faoi na himreoirí eile
 - Fiche ceist: m.sh.
An bhfuil an rud _____?
(bog, fada, crua & srl.)
An féidir é/í _____? (a bhualadh, a bhriseadh)
An fear é? Sea/Ní h-ea
An bhfuil dath rua ar a c(h)uid gruaige?
An imríonn sí le _____?
Ba mhaith liom tomhais a dhéanamh.
An _____ é/í?
 - Ról imirt
Lá an chluiche atá ann, tá sibh chun deiridh.
Cad déarfadh tú leis an bhfoireann?
Is tusa an captaen buacach, cad déarfadh tú leis an slua?



- Cur síos le déanamh ar an imreoir is fearr leo.

CÁRTA OIBRE 1D





Snáithe: Scríbhneoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cuid 1.

- Scríobh faoi chluiche a chonaic siad.
- Scríobh faoi chluiche a d'imir siad ag úsáid na téarmaí atá le fáil.
- Próifíl faoin imreoir is fearr leo a scríobh. (Féach ar ICT) **CÁRTA OIBRE 1G.**
- Ullmhú a dhéanamh d'imreoir a chur faoi agallamh – ullmhaigh na ceisteanna.
- Captaen buacach sa chluiche: scríobh giota faoi cad a déarfá – an óráid.
- Dán 4-6 líne a chumadh.
- Scríobh an scéal le 12-15 focal tugtha (Féarch ar na téarmaí thíos)



Cuid 2.

- Fíor nó bréagach 10 ceist le freagairt.
- Fíor nó bréagach bunaithe ar phictiúr
- Scríobh na difríochtaí idir dhá phictiúr **CÁRTA OIBRE 1C.**
- Is féidir leo a bhfoireann féin a roghnú – Cárta Oibre.
- Tionscadala dhéanamh ar Chumann Lúthchleas Gael.

Snáithe: Léitheoireacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Cuid 1.

- Bain úsáid as na téacsanna atá ar fáil **CÁRTA OIBRE 1E AGUS 1F**
- Treodóireacht: Roinn na páistí i ngrúpaí. Tabhair léarscáil den scoil do gach grúpa. Beidh timpeall 10 áit léirithe ar an léarscáil timpeall na scoile. Cuir ceist faoi CLG faoi gach cán.
- Crosfhocal **CÁRTA OIBRE 1H.**
- Sliocht a léamh agus ceisteanna a fhreagairt **CÁRTA OIBRE 1F.**

Cuid 2.

- Fíor nó bréagach 10 gceist le freagairt.
- Fíor nó bréagach bunaithe ar phictiúr ó leabhar nó póstaer.
- Filíocht a léamh, mar shampla, 'An Iomáint' le Seán ó Finneadh.



ÚSÁID NA BILEOGA OIBRE SEO A LEANAS



Cárta Oibre 1A



1. Cá bhfuil na daoine sa phictiúr? _____
2. Conas atá an aimsir sa phictiúr? _____
3. Cé mhéad duine atá sa phictiúr? _____
4. Cé mhéad duine atá san uisce? _____
5. Cén sórt éadaí atá ar na daoine atá ag iomáint? _____
6. An bhfuil aon duine ag snámh? _____
7. Cad atá scríofa ar gheansaithe na mbuachaillí? _____

Scríobh cúig abairt faoin bpictiúr thuas:



1

Gaeilge

BILEOGA OIBRE 1A – 1H

Cárta Oibre 1C: Aimsigh na Difríochtaí



BILEOGA OIBRE
AN DALTA

1C



1

Gaeilge

BILEOGA OIBRE 1A – 1H

Cárta Oibre 1D: Meaitseáil


BILEOGA OIBRE AN DALTA



Liathróid




Cúl báire



Sliotar



Liathróid láimhe




Geansaí peile




Clogad




Captaen



Foireann



Cluiche corr



Imreoirí

BILEOGA OIBRE AN DALTA

1D



1

Gaeilge

BILEOGA OIBRE 1A – 1H

BILEOGA OIBRE AN DALTA

Cárta Oibre 1E: Kellogs GAA Cúl Camps

Sa samhradh beidh seans agat dul go dtí an Cúl Camp i do chontae féin.

Beidh spórt agus spraoi agat agus beidh tú ag imirt na gcluichí seo gach lá: peil ghaelach, iomáint, camógaíocht, liathróid láimhe agus cluiche corr.

Tosaíonn an campa gach lá ar a deich a chlog agus críochnaíonn sé ar leathuair tar éis a dó.

Léigh agus líon isteach an fhoirm iarratais.

Ainm agus sloinne _____

Aois: _____

Seoladh: _____

Uimhir ghutháin: _____

Uimhir fón póca: _____

Táille geansaí: (Cuir tic sa bhosca cuí) Mór Meánach Beag

Dáta: _____ Síniú: _____



BILEOGA OIBRE
AN DALTA

1E



Cárta Oibre 1F

1. Léigh an scéal agus tarraing an pictiúr.



Tá beirt bhuachaillí ag iomáint sa pháirc. Lá breá atá ann. Tá buachaill amháin sa chúl agus tá geansaí peile Átha Cliath air. Tá an sliotar san aer. Tá cailín ina súí in aice le crann. Tá madra in aice léi. Tá geansaí peile Chorcaí agus bróga peile uirthi. Tá duilleoga agus camán ar an talamh.

2. Líon na bearnaí thíos leis na focail seo a leanas:

sa chúl, cúilín, bróga peile, taobhlíne, camán, réiteoir.

Shéid an _____ an fheadóg.

Bhuail Máire an sliotar le _____.

Bhí an cúl báire ag imirt _____.

Fuair David Clifford _____ iontach.

Chuaigh an liathróid thar an _____.



1

Gaeilge

BILEOGA OIBRE 1A – 1H

Cárta Oibre 1G: Próifil

Ainm agus sloinne:	Dáta breithe agus aois:
Áit imeartha ar an bpáirc:	Club agus contae:
Grianghraf/Pictiúr:	

Is maith liom _____ mar _____

Imríonn sé/sí le _____

Caitheann sé/sí geansaí _____

Déan cur síos ar chluiche mór a chonaic tú:

BILEOGA OIBRE
AN DALTA

1G



Cárta Oibre 1H

Féach agus Freagair

1. Cé a bhí ag imirt an chluiche? _____
2. Cén uimhir a bhí ag an imreoir a d'aimsigh an chéad chúl? _____
3. Cén dath atá ar gheansaí an réiteora? _____
4. Cé a bhuaigh an cluiche? _____

Laochra Gael
Stephen Cluxton

1. Cén aois é Stephen? _____
2. Imríonn sé _____ le B_____
Á_____ C_____.
3. Cathain a thosaigh sé ag imirt peile? _____
4. Cén áit a n-imríonn sé ar an bpáirc? _____
5. Cathain a d'imir sé a chéad chluiche le hÁth Cliath? _____
6. Cé mhéad Craobh Laighean atá buaite aige? _____

Cuardach Focal

M D C H H S X U S Í
 T Ú C Ú I L Í N A U
 L B Q F O I O C O W
 T I S H M O O G R U
 C Q A D Y T J Ó T G
 E E V T S A A D E E
 C V H G H R W A Q U
 T A P C C R N E X H
 R C M H I S Ó F C O
 C O P Á A U L I M D
 A W B Í N D L V D E
 A T R O I C S C J T

CAMÁN
 LIATHRÓID
 SAOR
 SLIOTAR
 CLUICHE
 CÚL
 GEANSAÍ
 POC
 SCIORTA
 STOCAÍ
 CÚILÍN
 FEADÓG



Cliceáil ar íomhánna chun féachaint ar fhíseáin.



Le haghaidh tuilleadh dúshlán scileanna a bhfuil gluaiseacht ag baint leo, féach learning.gaa.ie



TUILLEADH ACMHAINNÍ

FOGHLAMA BUNSCOILE DE CHUID CLG

learning.gaa.ie/primary-school

Pleanálaí Gníomhaíochtaí CLG

Dearadh Pleanálaí Gníomhaíochtaí CLG le cabhrú le múinteoirí agus cóitseálaithe gníomhaíochtaí feiliúnacha do dhaltaí/imreoirí a aithint agus le seisiúin agus ceachtaí corpoideachais a eagrú bunaithe ar na gníomhaíochtaí sin. Tá na céadta gníomhaíochtaí ann a dhéanfaidh forbairt ar scileanna gluaiseachta, iománaíocht, pheil Ghaelach, liathróid láimhe agus ar chluiche corr. Is féidir na seisiúin/ceachtaí a shábháil mar pdf. Tá gearrfhíseáin treorach ar fáil leo ar féidir a thaispeáint ar an gclár bán. Is féidir teacht ar an acmhainn seo in aisce ach clárú le

GAA Learning & Development Portal



Céim ar Aghaidh

[Céim ar Aghaidh/Step Ahead Resource](#) is a set of learning resources for Teachers and pupils based on the enjoyable theme of gaelic games. It aims to deliver a range of exercises used to support teaching in a variety of subject areas. These can be adapted to suit children of varying abilities through differentiated tasks. In keeping with the ethos of the GAA, the material is designed to promote participation for all, both on and off the field.

[The GAA's P.E. Céim ar Aghaidh](#) is a teaching resource and has been developed to assist Primary School Teachers to deliver the Games Strand of the national Physical Educational Curriculum through Gaelic games activities covering Gaelic Football, Hurling/Camogie, Handball and Rounders.

Tá na leaganacha Gaeilge seo de na háiseanna a chur ar fail freisin.

